# Matamaitic na Sraithe Sóisearaí

**Moltaí ar úsáid am gairmiúil**

**Am gairmiúil do mhúinteoirí:** am gan teagmháil le scoláirí ina mbeidh múinteoirí páirteach i réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun cabhrú le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. Tabharfaidh an t-am seo deis do mhúinteoirí dul i mbun gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile chun cabhrú leis an tsraith shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla don mhúinteoir aonair agus don roinn ábhair
- Ullmhúchán i gcomhair cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Tá liosta moltaí le fáil sa cháipéis seo ar an gcaoi a bhféadfadh múinteoirí úsáid a bhaint as an 22 uair d'am gairmiúil a thugtar dóibh. Cuimsíonn na moltaí deiseanna don mhúinteoir aonair chomh maith le gníomhaíochtaí gairmiúla don roinn ábhair.

Is tábhachtach a aithint go mbeidh riachtanais agus tosaíochtaí difriúla ag dul le gach ábhar. Is faoi gach scoil, roinn ábhair agus múinteoir atá sé an 22 uair d'am gairmiúil a shocrú ar dhóigh a oireann dóibh féin.

**Gníomhaíochtaí don scoil uile le cabhrú leis an tSraith Shóisearach**

- Ceistiúchán don scoil uile ar an gCreat don tSraith Shóisearach (2015)
- Plé agus cruinnithe don scoil uile ar impleachtaí an Chreata ar fhoghlaim, teagasc agus cleachtas measúnaithe

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Moltaí ar an gcaoi chun am gairmiúil a úsáid

Am Gairmiúil 2019

## Mar Roinn Mhatamaitice

- Modhanna oibre agus prótacail a chruthú ina leagtar amach conas atá sibh ag brath oibriú le chéile mar roinn
- Na torthaí foghlama a spíonadh amach go comhoibríoch
- Aonaid fhoghlama a cheapadh a oireann do na grúpaí ranga atá agat a dhoimhníonn tuiscint scoláirí ar an Matamaitic mar chorpas eolais, scileanna agus coincheap
- Meabhrú, fiosrú, aontú agus cur i bhfeidhm Mhodheolaíochtaí teagaisc agus cleachtais measúnú foirmitheach chun tacú le foghlaim sa Mhatamaitic
- Eispéiris fhoghlama a fhiosrú a chabhraíonn le scoláirí a bheith ag plé leis an snáithe Aontaitheach, na snáitheanna comhthéacsúla agus an measúnú foirmitheach
- Plé a dhéanamh conas is féidir deiseanna a thabhairt do scoláirí dul i ngleic go fiúntach le téarmaíocht na Matamaitice trí obair ghrúpa, cuir i láthair, piarcheistiú agus ceisteanna ceannoscailte a fhreagairt
- Plé ar an gcaoi a gcuirfeá deiseanna ar fáil do do chuid scoláirí chun a gcuid foghlama a thaispeáint agus chun machnamh a dhéanamh uirthi
- Plé agus machnamh a dhéanamh ar an ngné *Teagasc agus Foghlaim* in Ag Breathnú ar an Scoil Againne (2016) i gcomhthéacs Leasú na Sraithe Sóisearaí i dtaca le foghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú na Matamaitice
- Bileog eolais ar an ábhar a chruthú do thuismitheoirí agus do scoláirí araon (Tá bileog eolais ar www.jct.ie/maths a d'fhéadfadh a bheith úsáideach)

## Ar bhonn aonair nó le chéile

- Úsáid a bhaint as sonraíocht Mhatamaitice na Sraithe Sóisearaí agus as an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) mar phríomhcháipéisí i gcomhair pleanála don fhoghlaim, teagasc agus measúnú
- Oibriú amach conas a chuirfidh na torthaí foghlama, na snáitheanna (go háirithe an Snáithe Aontaitheach) agus na gnéithe bonn eolais faoi fhoghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú
- Eispéiris foghlama a dhearadh a chabhróidh le scoláirí dul i ngleic leis an Snáithe Aontaitheach agus leis na snáitheanna comhthéacsúla
- Dul i dtaithí ar an eolas ar www.curriculum.ie agus ar www.ncca.ie
- Cleachtais fhoirmiúla measúnaithe a cheapadh agus a aontú chun cabhrú le foghlaim sa Mhatamaitic
- Plé conas is féidir deiseanna a thabhairt do scoláirí chun machnamh ar a gcuid foghlama

## Tacaí leanúnacha don fhoghlaim ghairmiúil

- Breathnú i d'aonar agus / nó mar roinn le hábhair *Díriú ar an bhFoghlaim* ar www.ncca.ie. Dearadh na hacmhainní chun iad a úsáid ar dhóigh sholúbtha thart ar cheithre thopaic: Intinní Foghlama agus critéir ratha, Ceistiú éifeachtach, Aiseolas foirmitheach agus Scoláirí ag machnamh ar a gcuid foghlama
- Fanacht ar an eolas trí leathanach Matamaitice na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí agus muid ag cur le hábhair thacaíochta leantacha do mhúinteoirí ar www.jct.ie agus á roinnt ar Twitter @JctMaths